

Polasaí Cód Iompair S.N. Naomh Pádraig

Ráiteas Tosaigh

Dhréachtaigh foireann na scoile an polasaí seo a leanas. Chuir siad a gcuid tuairimí, a gcuid léirmheasanna agus an dréachtpholasaí ós comhair an Bhoird Bainistíochta chuile bhliain ag tús na scoil bliana. Daingníonn an Bord Bainistíochta an polasaí seo ag an gcéad cruinniú den Bhord Bainistíochta chuile bhliain

Gaolmhaireacht le hÉiteas Féiniúlachta na scoile

Déanann Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig iarracht cuidiú leis na leanaí fás agus forbairt chun go mbeidh siad ina dhaoine fásta sláintiúla, féinmhuineacha, aibí, in ann a bpotéinseal iomlán mar dhaoine a bhaint amach. Déanaimid iarracht i gcónaí timpeallacht shábháilte, áthasach a chruthú do na leanaí ina mbraithfidh siad sochar agus cothaítear comhoibriú idir baill foirne, tuismitheoirí agus daltaí i gcónaí.

Aidhmeanna

Is iad seo a leanas na haidhmeanna a bhaineann leis an gCód Iompair seo:

- Treoiríní a sholáthar do dhaltaí, múinteoirí agus na tuismitheoirí maidir leis an iompar a mbeifear ag súil leis.
- Cur ar chumas na scoile feidhmiú ar bhealach ordúil ionas gur féidir le daltaí dul chun cinn a dhéanamh i ngach gné dá bhforbartha.
- Iompar dearfach agus féinmheas a chothú.
- Freagracht agus féinsmacht a chothú bunaithe ar mheas agus tuiscint ar a chéile agus ina nglactar le daoine.
- Oideachas agus forbairt gach dalta a éascú.
- Meoin dearfach a chóthú dá chéile agus don timpeallacht.
- Go mbeidh sé ar chumas na múinteoirí múineadh gan cur isteach orthu.

Cur i bhfeidhm

Tá ról ag gach duine sa phobal scoile i gcur i bhfeidhm an Chód Iompair. Cuirfear béim ar iompar dearfach i gcónaí. Beidh íosmhéid rialacha i gceist agus cuirfear i bhfeidhm iad ar bhealach cothrom agus comhleanúnach, ag cur aois na ndaltaí agus na difríochtaí idir dhaltaí san áireamh. Cothaítear dea-iompar i gcónaí agus tugtar duaiseanna dá réir. Má bhíonn deacrachtaí ann déanfar teagmháil leis na tuismitheoirí go luath.

Treoiríní faoi iompar sa scoil

- Tá gá le dea-iompar ó gach dalta agus go léireoidh gach dalta tuiscint ar leanaí eile agus ar dhaoine fásta. Ní ghlacfar le hiompar a chuireann isteach ar chearta foghlama daltaí eile nó nach ligeann dóibh mothú sábháilte.
- Táimid ag súil go léireoidh gach dalta meas ar mhaoín na scoile, maoin leanaí eile, ar a maoin féin agus goinneoidh siad an timpeallacht glan agus saor ó bhruscar.
- Táimid ag súil go mbeidh daltaí brodúil as a dteacht i láthair, go mbeidh na leabhair agus na hábhair chúí acu agus go mbeidh siad san áit cheart ag an am cheart.

- Táimid ag súil go bhfreastalóidh gach dalta ar scoil ar bhonn rialta muna bhfuil fáth dáiríre acu bheith as láthair agus sa gcás seo an scoil a bheith curtha ar an eolas i scríbhinn maidir leis an fáth go bhfuil an dalta as láthair.
- Táimid ag súil go mbeidh daltaí umhal d'ordaithe an mhúinteora agus go ndéanfaidh gach dalta a d(h)ícheall ar scoil agus san obair bhaile agus go mbeidh an obair scoile néata.

Príomhtheachtaireacht

Féinmheas agus meas ar dhaoine eile

Bulaíocht

Séard is bulaíocht ann ná ionsaitheacht leanúnach, bíodh sé briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, agus é déanta ag duine amháin nó ag grúpa in aghaidh daoine eile. Is iad na cineálacha iompair, atá cuimsithe ag an sainmhíniú seo ná ionsaitheacht fhisiciúil, damáiste do mhaoin, sracadh, imeaglú, glaonna teileafóin/teachtaireachtaí téacs/ teachtaireachtaí gréasáin maslacha, aonrú, baisteachán agus cleithmhagadh. Ní ghlacfar le bulaíocht agus beifear ag súil le comhoibriú ó thuismitheoirí i gcásanna bulaíochta de réir Polasaí Frith-Bhulaíochta na scoile. Má tá amhras ar thuismitheoir go bhfuil bulaíocht á dhéanamh ar a bpáiste níor mhór dóibh dul i dteagmháil leis an scoil ar an bpointe.

Iompar dearfach a dheimhniú

Bíonn féin-smacht feabhsaithe mar thoradh ar threisiú dearfach agus cuireann muid béim ar dhuaisianna agus ar aitheantas a thabhairt seachas ar smachtbhannaí.

Straitéisí dearfacha chun iompar a bhainistiú

- Focal ciúin nó comhartha chun sástacht a léiriú.
- Léirmheas ar chóipleabhar an pháiste.
- Cuairt ar rang eile nó ar an bPríomhoide le moladh a fháil.
- Moladh a thabhairt ós comhair an ranga.
- Moltaí tuillteanais, moltaí pointí nó stampaí moladh ranganna aonaracha .
- Pribhléid nó dualgas speisialta a thiomnú.
- Cumarsáid ó bhéal nó i scríbhinn a dhéanamh le thuismitheoir.

Straitéisí chun freagairt d'iompar míchuí

Is í cuspóir smachtbhannaí agus straitéisí eile ná iompar dearfach a chur chun cinn agus cur in aghaidh dhrochiompar. Cuirfear i bhfeidhm smachtbhanna ag brath ar cé chomh dáiríre is atá an drochiompar ag cur aois agus forbairt tochtach an dalta san áireamh.

- Réasúnaíocht a dhéanamh le dalta
- Spraic (lena n-áirítear comhairle ar conas feabhas a chur orthu féin)
- Iad a dheighilt go sealadach ó phiaraí, cairde nó eile
- Cailliúint pribhléidí
- Iad a choinneáil siar i rith sosa nó i ndiaidh uaireanta scoile
- Obair bhreise a thabhairt dóibh
- Tarchur chuig an bPríomhoide
- Cumarsáid le thuismitheoirí
- Fionraíocht (Féach Alt 5 ar Fhionraíocht)

Ní chaillfidh daltaí amach ar pháirt a ghlacadh in aon Réimse Churaclam, ach amháin ar chúis sláinte/sábháilteachta.

Fionraíocht/Díbirt

Sular féidir úsáid a bhaint as smachtbhannaí mar choinneáil istigh, fionraíocht nó díbirt, bainfear úsáid as na gnáth bealaí cumarsáide idir an scoil agus na tuismitheoirí.

D'fhéadfadh an cumarsáid bheith ó bhéal nó i litir ag brath ar na cuinsí.

I gcás mí-iompar ollmhór nó cásanna mí-iompair atá dáiríre a dhéantar arís agus arís eile caithfear machnamh a dhéanamh ar fhionraíocht. Tabharfar cuireadh do na tuismitheoirí i gceist teacht chuig na scoile chun cás a bpáiste a phlé. Breathnaítear ar iompar foréigineach, bagrach nó ionsaitheach i leith mhúinteora nó dalta go dáiríre agus déileáitear leis ar an bpointe.

Má tharlaíonn cásanna mí-iompair atá dáiríre arís agus arís eile, cuirfear in iúl do Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta é. Sular gcuirtear an dalta ar fhionraí, b'fhéidir go ndéanfaidh an Príomhoide, i gcomhairle leis na múinteoirí agus baill eile de phobal na scoile lena mbaineann sé, athbhreithniú ar an gcás ag cuimhneamh ar mhí-iompair a déarnadh san am atá caite, a bpátrún agus a gcomhthéacs, na smachtbhannaí agus na hidirghabhalána a húsáideadh agus an toradh a bhí orthu chomh maith le haon eolas leighis a bhaineann leis. Beidh an fhionraíocht de réir Treoirlínte le haghaidh Cód Iompair a Fhorbairt: Treoirlínte i gcomhair Scoileanna, BNLO, 2008 agus an tAcht Oideachais (Leas) 2000.

I gcás mí-iompar ollmhór, nuair a chaithfear cinntiú go gcoinnítear ord agus smacht agus le sábháilteacht na ndaltaí a dhaingniú, is féidir leis an mBord údarú a thabhairt don Chathaoirleach nó don Phríomhoide fionraíocht láithreach a cheadú ar feadh tréimhse ama gan dul thar trí lá, ar feitheamh an cás a phlé leis na tuismitheoirí.

Cuirfear díbirt san áireamh i gcás foircneach, de réir Treoirlínte an BNLO 2008, Rialacha do Bhunscoileanna agus an Achta Oideachais (Leas) 2000. Sula gcuirtear dalta ar fionraí nó a dhíbirt cuirfidh an Bord Bainistíochta é seo in iúl i scríbhinn don Oifigeach Oideachais Leasa Aitiúil de réir Alt 24 den Acht Oideachais (Leas).

Fionraíocht a bhaint

Tar éis nó i rith tréimhse fionraíochta, is féidir le tuismitheoir/tuismitheoirí iarratas a dhéanamh ar dhalta a chur ar ais ar scoil. Caithfidh tuismitheoir/tuismitheoirí gealltanais sásta a thabhairt go n-iompróidh sé/sí é/í féin de réir Cód na scoile agus caithfidh an Príomhoide a bheith sásta nach mbeidh sé ina chontúirt dá sábháilteacht féin nó sábháilteacht daltaí nó foireann na scoile. Déanfaidh an Príomhoide éascú ar phlean iompair a ullmhú don dalta más gá agus ligfear an dalta ar ais ag a rang go foirmiúil.

Rialacha na Scoile

Coinnítear rialacha scoile go mion agus cuirtear le chéile iad ag smaoineamh ar shláinte, ar shábháilteacht agus ar leas gach ball de phobal na scoile. Má tá an scoil chun feidhmiú go héifeachtach, tá gá le rialacha a bheith luaite go soiléar agus curtha i bhfeidhm go cóir agus go comhsheasmhach. Ag tús gach bliain déanfaidh na páistí agus na múinteoirí amach na rialacha le chéile don bhliain.

Roimh/Tar Éis Scoile

Meabhraítear do thuismitheoirí nach nglacfar le freagracht do dhaltaí roimh oscailt oifigiúil na scoile, sé sin 9.10 ar maidin nó tar éis dúnadh oifigiúil na scoile ag 2.50 ach amháin má tá daltaí páirteach i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim eagraithe ag an scoil agus ceadaithe ag an mBord Bainistíochta. Táthar ag súil go n-iompróidh daltaí a bhíonn páirteach sna gníomhaíochtaí seo iad féin de réir polasaí iompair na scoile i rith na hamannta seo.

Freagrachtaí an Bhoird Bainistíochta

- Timpeallacht shábháilte, chompórdach a sholáthar.
- Tacú leis an bPríomhoide agus leis an bhfoireann an cód a chur i bhfeidhm.
- An cód a dhaingniú.

Freagrachtaí an Phríomhoide

- Timpeallacht shábháilte agus dearfach a chur chun cinn sa scoil.
- Cinntiú go gcuirfear an Cóid Iompair i bhfeidhm ar bhealach cóir agus comhsheasmhach.

Freagrachtaí na Múinteoirí

Tacú agus cur i bhfeidhm cóid iompair na scoile.

- Timpeallacht shábháilte a chruthú ionas gur féidir le gach dalta obair a dhéanamh.
- Obair mhaith a aithint agus a dheimhniú.
- Obair scoile a ullmhú agus obair na bpáistí a cheartú.
- Buanna aonaracha agus difríochtaí idir daltaí a aithint agus soláthar a dhéanamh dóibh.
- A bheith múinte, comhleanúnach agus cóir.
- Deiseanna mí-iompar a choinneáil go mion.
- Déileáil ar bhealach cuí le drochiompar.
- Taifid a choinneáil ar eachtraí mí-iompar dáiríre nó eachtraí mí-iompar a tharlaíonn arís is arís eile.
- Tacaíocht a sholáthar do chomhleacaithe.
- Cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí nuair is gá agus tuairiscí a sholáthar dóibh maidir le hábhair a bhaineann leo.

Freagrachtaí na nDaltaí

- Freastal ar scoil go rialta agus in am.
- Éadaí scoile a chaitheamh
- Éisteacht lena gcuid múinteoirí agus comhairle/treoracha a ghlacadh.
- Meas a léiriú do gach ball sa phobal scoile.
- Ní cheadáitear teagmháil fhisiciúil ionsaitheach le héinne eile.
- Meas a bheith acu ar mhaoin na scoile agus ar mhaoin daltaí eile.
- Iompar a chuireadh daoine eile i mbaol a sheachaint.
- Baisteacháin, ascaine a dhéanamh nó maslú a thabhairt a sheachaint.
- Ligint do dhaltaí eile páirt a ghlacadh i gcluichí agus i ngníomhaíochtaí.
- Ábhair/leabhair cheart a thabhairt ar scoil.
- Rialacha na scoile agus an rang a leanúint.

Freagrachtaí na dTuismitheoirí/Caomhnóirí

Daltaí a spreagadh meas a bheith orthu féin agus ar mhaoin.

- Cinntiú go bhfreastalaíonn daltaí go rialta agus in am.
- Déan cinnte go gcaitheann siad na héadaí scoile.
- Suim a bheith acu in obair scoile a bpáistí, tacaíocht a thabhairt dóibh agus an obair scoile a spreagadh.
- Eolas agus aithne a bheith acu ar an gcód iompair agus tacaíocht a thabhairt dá chur i bhfeidhm.
- Comhoibriú le múinteoirí i gcásanna go bhfuil iompar a bpáistí ag cothú deacrachtaí do dhaoine eile.
- Cumarsáid a dhéanamh leis an scoil maidir le deacrachtaí a d'fhéadfadh cur isteach ar dhul chun cinn/iompar a bpáistí.

Clós na Scoile

Déantar feitheoireacht ar chlós na scoile i rith am sosa. Déileáileann an múinteoir atá ar dualgas le fadhbanna a tharlaíonn i rith am súgraidh.

Má bhíonn mí-iompar i gceist cuirtear an páiste chuig an seomra foirne /seomra ranga. D'fhéadfadh sé seo tarlú má bhíonn páiste ag cur isteach ar chluichí páistí eile, ag spraoi go garbh, ag dul taobh amuigh den áit spraoi, agus araile.

Má bhíonn mí-iompar níos dáiríre i gceist cosúil le ainmneacha a ghlaoch ar pháistí eile nó bheith ag troid tugtar pionós gur cheart a dhéanamh sa bhaile. Tabharfaidh sé seo míniú ar an mí-iompar agus caithfidh an tuismitheoir é a shíniú. Má leantar leis an mí-iompar dáiríre seo b'fhéidir go mbeidh pionós níos déine i gceist agus baint ag tuismitheoirí leis.

Má dhéanann dalta ionsaí fisiciúil ar dhuine, glaofar isteach ar a t(h)uismitheoir agus tabharfar an dalta abhaile ar an bpointe.

Más mí-iompar an-dáiríre atá i gceist iarrfar ar na tuismitheoirí bualadh leis an bPríomhoide i dtús báire agus ina dhiaidh sin, más gá, leis an mBord Bainistíochta.

Cé go bhfuil an bhéim sa scoil seo ar dhea-iompar a chur chun cinn tré threisiú dearfach, tá gá déileáil le cásanna níos dáiríre ar an bpointe agus go héifeachtach chun sonas agus sábháilteacht gach duine a chinntiú.

Beidh athbhreithniú á dhéanamh ar an bplean seo gach bliain.

S.N. Naomh Pádraig

Síniú Tuismitheora

Sínigh thíos mar is gá le do thóil & seol an chuid seo ar ais chuig na scoile:

Dhaingnigh an Bord Bainistíochta an Polasáí tareis athbhreithniú ar an _____

Síniú:

Cathaoirleach B.B.

Príomhoide

Rang 1- 6: Tá Cód Iompair Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig léite agam agus aontaím seasamh leis.

Síniú Dalta: _____ Dáta: _____

Síniú Dalta: _____ Dáta: _____

Síniú Dalta: _____ Dáta: _____

Deimhním gur léigh mó pháiste thuas Cód Iompar Scoile Naomh Pádraig

Síniú Tuismitheoirí _____

Naíonáin: Tá Cód Iompair Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig, An Chloch Bhreac léite agus mínithe agam do mo pháiste; Ainm Paiste/Páistí _____ agus aontaíonn sí /sé seasamh leis.

Síniú Tuismitheoirí _____

Tá mé ar an eolas go ndearna an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar na bPolasaithe maidir le Caomhnu Leanaí, Sláinte agus Sábháilteacht, Tinreamh, Teagmhas Criticiúil agus Frithbhullaíocht agus go bhfuil siad seo agus polasaithe eile scoile le fáil ar an suíomh scoile ;www.scoilnaomhpadraig.com

Síniú Tuismitheoirí _____

Múna bhfuil tú inann na polasaithe thuasluaite a fháil ar an idirlíon, féadfaidh tú cóip crua a fháil ón scoil

Rialacha na Scoile

Bíodh meas agat ort féin agus ar dhaoine eile

Coinnigh do fón póca sa mbaile.

Déan do chuid oibre go ciúin, gan pleidhcíocht.

Fan amach uaidh na caiple.

Ná fág na scoile gan a rá leis an múinteoir.

Tá cosc ar ghumma coganta agus ar Tippex.

Fágaimid na bróga peile taobh amuigh den scoil.

Ná scríobh ar rudaí a bhaineann le daoine eile & ná cuir rudaí a bhaineann le daoine eile i bhfolach.

Ní cheadaítear nótaí na pictiúir nach bhfuil go deas.

Na cuir isteach ar dhaoine eile.

Coinnigh an scoil néata agus glan & bíodh meas againn ar threalamh na scoile

Níl cead bullaíocht a dhéanamh.

Má cheapann muid go bhfuil bulaíocht á dhéanamh ar dhuine eile caithfidh muid insint do dhuine fásta.

Fan le do sheans gan brú na screadach.

Tabhair aire do do chuid rudaí.

Ná húsáid dtroch-theanga.

Labhair Gaeilge sa seomra ranga agus leis na múinteoirí.

Cuir gach rud ar ais san seid – coinnigh an tseid glan.

Bí lách le gach duine & bíodh meas againn ar mhaoin gach duine.

Bí béasach i gcónaí.

Ná glaoigh ainmneacha ar a chéile 's ná bí ag spochadh as a chéile ar bhealach a ghortaíonn mothúcháin dhaoine eile

Déan cinnte go nglacann gach duine páirt i gcluichí.

Ná bí ag troid, ag béicíl nó ag bualadh daoine – riamh.

Siúl taobh istigh den scoil i gcónaí (ná rith) go háirithe sa halla .

Bíodh lón sláintiúil againn i gcónaí. Tá cead againn féirin 'treat' beag a bheith againn ar an Aoine . Tá cosc ar dheochanna fizzy

Déan ár obair bhaile i gcónaí .

Éist lena chéile agus leis an múinteoir & ná cuir isteach ar an rang.

Caith ár éide scoile i gcónaí .

Déan sár iarracht lenár obair i gcónaí.

Chuir páistí agus múinteoirí Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig na rialacha seo le chéile.